Cuspóir – Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

- ✓ Aibhsigh na ráitis sa réasúnaíocht seo atá ailínithe le do chreidimh agus luachanna agus tú i do mhúinteoir ceoil (Ich 4)
- ✓ Eagraigh na cúig chuspóir de réir a bhfuil á dhéanamh go maith faoi láthair agus de réir an méid a dteastódh a thuilleadh forbartha uathu, b'fhéidir, i do rannóg ceoil (Ich 5)
- ✓ Roghnaigh 3-4 phríomhtheachtaireacht is féidir leat a úsáid chun béim a leagan ar an luach atá i roghnú ceoil mar ábhar na Sraithe Sinsearaí (Ich 6)



Réasúnaíocht

Baineann an cine daonna ar fad leas as an gceol chun iad féin a chur in iúl. Téann sé thar bhacainní teanga, tíreolaíochta agus cultúrtha. Cabhraíonn an ceol linn ár bhféiniúlacht a fhiosrú agus a thuiscint, brí a chur in iúl agus aghaidh a thabhairt ar an domhan thart timpeall orainn ar bhealach fiúntach.

Cuireann an ceol le forbairt an duine iomláin ar bhealach suntasach – go hintleachtúil, go pearsanta, go mothúchánach, go sóisialta, go cultúrtha agus go cruthaitheach. Is ábhar dinimiciúil agus léiritheach é a spreagann fiosracht, cruthaitheacht, cumarsáid, iniúchadh agus féinmhachnamh. Mar chuid den chúrsa ceoil, cruthaíonn, taibhíonn agus éisteann na scoláirí go gníomhach ar bhealach comhtháite astu féin, agus le daoine eile araon. Tugann an comhtháthú sin modh cumhachtach féinfhollasaithe do scoláirí, tacaíonn sé le forbairt na bpríomhinniúlachtaí agus cuireann sé eolas agus tuiscint níos doimhne ar ghnéithe teoiriciúla agus praiticiúla an cheoil araon chun cinn.

Cuireann an ceol le hathléimneacht, forbraíonn sé féinfheasacht, cothaíonn sé féinmhuinín agus tuiscint ar fholláine an scoláire féin. Foghlaimíonn scoláirí an chaoi le haiseolas a thabhairt agus a fhreagairt ar bhealach dearfach, ag leasú a gcuid ceoil agus ceirde le disciplín agus buanseasmhacht.

Cothaíonn an ceol réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht úrnua. Cuireann sé ar chumas na scoláirí smaointe úrnua a iniúchadh agus forbraíonn sé an indibhidiúlacht, an phearsantacht agus an guth cruthaitheach atá acu. Measann scoláirí comhthéacs, cuspóir agus lucht éisteachta an cheoil. Tugann sé bealach iontach do scoláirí chun mothúcháin a chur in iúl, ag cabhrú le scoláirí a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin phearsanta agus ócáidí ceiliúrtha.

Cuireann an ceol dearcadh luachmhar ar fáil chun stair, oidhreacht agus cultúr a thuiscint. I g**Ceol na hArdteistiméireachta**, faigheann scoláirí blaiseadh de réimse éagsúil traidisiúin, stíleanna agus cleachtais cheoil ó chinn stairiúla agus go cinn chomhaimseartha. Cabhraíonn an ceol le léirthuiscint a fhorbairt ar chomhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha inar cruthaíodh é agus inar éisteadh leis. Cabhraíonn an fhoghlaim sin le feasacht agus léirthuiscint dár stair, oidhreacht agus cultúr, timpeallacht agus éiteas féin a chothú, fad atá tuiscint á forbairt ar chultúir eile.

Cothaíonn an ceol scileanna sóisialta, comhoibriú agus obair foirne trí chomhroinnt smaointe, uirlisí, scileanna agus machnamh. Cuireann an t-ábhar comhtháthú sóisialta chun cinn agus tugann sé daoine le chéile trí mheán na n-eispéireas ceoil comhroinnte. Foghlaimíonn na scoláirí le héisteacht go gníomhach le ceol, cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus a gcuid buanna aonair a úsáid chun tacú lena chéile agus chun oibriú mar chuid d'fhoireann. Cuireann comhoibriú le cóimheas agus caidrimh idirphearsanta láidre. De réir mar a fhoghlaimíonn scoláirí le freagairt don cheol, ar bhonn aonair agus le daoine eile, agus freagra a thabhairt dó, bíonn ionbhá, foighne agus féinsmacht á gcothú acu.

I ndomhan ceoil an lae inniu a bhíonn ag athrú go sciobtha, tá teicneolaíochtaí digiteacha tar éis an chaoi a gcruthaítear, a dtaibhítear agus a n-éistear leis an gceol a athrú ó bhonn. Baineann scoláirí tairbhe as an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ceol a chruthú, a chóiriú, a thaifeadadh, a léiriú, a chur in eagar agus a chomhroinnt, ag cothú na cruthaitheachta agus ag forbairt an hinniúlachta teicniúla. Léiríonn an tsonraíocht cleachtais chomhaimseartha agus aithníonn sé go gcasann agus go dtugann scoláirí aghaidh ar an gceol ar bhealaí éagsúla.

Is féidir leis an gceol scoláirí a chumasú chun cur lena bpobail féin ar bhealach fiúntach. Ullmhaítear na scoláirí do róil éagsúla i ndomhan an cheoil agus do réimse deiseanna gairmeacha níos leithne mar gheall ar aghaidh a thabhairt ar an gceol. Forbraíonn an ceol scileanna fad saoil chun na healaíona a léirthuiscint, aghaidh a thabhairt orthu agus taitneamh a bhaint astu lasmuigh den seomra ranga.

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna atá le sonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta ná é a chur ar chumas na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cumarsáid éifeachtach a dhéanamh mar cheoltóirí trí na trí mhodh rannpháirtíochta chomhtháite: Cruthú agus Iniúchadh; Taibhiú agus Déanamh Ceoil; Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt.
- eolas, tuiscint agus taitneamhacht níos doimhne a fhorbairt don cheol mar a éistear leis ina saol laethúil agus sa domhan thart timpeall orthu.
- aghaidh a thabhairt ar réimse éagsúil de stíleanna ceoil agus feasacht agus léirthuiscint na scoláirí ar chomhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha a threisiú.
- smaointe, mothúcháin, cuimhnimh, giúmar agus atmaisféar a chruthú agus a chur in iúl i gcomhthéacsanna éagsúla.
- a bheith cruthaitheach agus nuálach trí eispéiris foghlama aonair agus eispéiris chomharfhoghlama.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Cuireann Ceol na hArdteistiméireachta leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a eascraíonn as oideachas na bhfoghlaimeoirí ón gcóras luath-óige go dtí curaclam na sraithe sóisearaí agus cuireann sé leanúnachas agus dul chun cinn ar fáil in oideachas ceoil, cé nach gá go mbeadh staidéar déanta ag scoláirí ar Cheol na sraithe sóisearaí sula ndéanfaidís staidéar ar Cheol na hArdteistiméireachta.

An tSraith Shóisearach

Déantar cur síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí sna Ráitis Foghlama, a bhfuil baint ag cuid acu leis an gceol. Áirítear orthu sin cruthú, léirthuiscint agus cur i láthair an cheoil agus an phíosa, úsáid na smaointe ceoil chun an saol agus an saol sa phobal a léiriú, patrúin agus caidrimh i gceol a thuiscint agus smaoineamh a thógáil ar aghaidh ó cheapadh go réadú. Nascann agus tacaíonn neart ábhar sa tsraith shóisearach leis an bhfoghlaim i gCeol na sraithe sóisearaí, amhail Matamaitic, Amharc-ealaín, Stair agus Béarla. Is féidir go bhfuil taithí ag na scoláirí ar an bhfoghlaim cheoil trí ghearrchúrsa na sraithe sóisearaí seo sa Taibhiú Ealaíne ina dtugtar an deis do na scoláirí aghaidh a thabhairt ar na healaíona trí thaibhiú ealaíne a phleanáil agus páirt a ghlacadh ann.

Tá sé mar aidhm ag sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí cur le forbairt na feasachta agus na tuisceana ealaíonta, féinléiriú, féinmhuinín, samhlaíocht agus íogaireacht ilchultúrtha. Forbraíonn na scoláirí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun ceol a chruthú, a thaibhiú agus breithmheas a thabhairt air, ceol arb é a gceol féin é agus ceol daoine eile. Baintear amach foghlaim na scoláirí i gCeol na Sraithe Sóisearaí trí na trí shnáithe atá ceangailte le chéile a chuireann ar chumas na scoláirí a gcuid samhlaíochta, cruthaitheachta, acmhainne ceoil agus tuisceana ar an gceol i gcomhthéacs a fhiosrú go hiomlán. Leagtar béim ar chruthú agus iniúchadh a chomhtháthú, rannpháirtíocht agus déanamh ceoil, agus freagra agus breithmheas a thabhairt, rudaí atá bunriachtanach d'fhoghlaim na scoláirí chun bheith ina gceoltóirí agus iad féin mar cheoltóirí a réadú.

I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Déanann na hinniúlachtaí a bhíonn á bhforbairt ag na scoláirí trí aghaidh a thabhairt ar Cheol na hArdteistiméireachta tairbhe dóibh ina saol fásta ar go leor bealaí. Is féidir le scoláirí cur go gníomhach leis trí rannpháirtíocht ina bpobal áitiúil, sa tsochaí agus trí fhostaíocht. Le linn an dá bhliain staidéir, forbraíonn na scoláirí go leor scileanna inaistrithe luachmhara amhail an cruthaitheacht, obair foirne agus cumarsáid a tharraingíonn aird ar ilúsáideacht agus infheidhmeacht leathan na foghlama sa Cheol. Is féidir le staidéar ar Cheol na hArdteistiméireachta bunús a thabhairt do scoláirí chun tabhairt faoi go leor gairmeacha iontacha agus tairbheacha sa cheol agus sna healaíona. Orthu sin tá cumadóir, amhránaí, oideoir ceoil, taibheoir, innealtóir fuaime, stiúrthóir, tionscnóir imeachtaí, teiripeoir ceoil agus stiúrthóir ceoil. I measc na réimsí gairme féideartha eile, tá teicneolaíocht, léiriúchán, margaíocht agus na meáin chruthaitheacha.